



Léiriú Míreanna Láithreachais do CÚLA4

Cuireann TG4 fáilte roimh comhlachtaí léirithe a mbeadh suim acu ábhar rialta a chruthú do Cúla4.

Chuirfeá fáilte roimh Léiritheoirí a mbeadh ar a gcumas scéalta físe áitiúla ó dhaoine óga ins na Gaeltachtaí agus ins na pobail Gaeilge a sholáthar ar bhonn séasúrtha a bheadh le craoladh le linn Cúla4. Bheadh na míreanna Láithreachais seo le feiceáil idir chláiracha ar teilifís agus freisin ar árdáin neamhlíneacha Cúla4.

Is comhlachtaí atá á lorg a bhfuil eolas acu ar phobail óige na Gaeltachta agus na Gaeilge, agus a bhfuil Foireann faoina gcúram atá in ann pacáistí a chruthú ar mhúnla físiúil.

Bheadh súil le soláthar ar bhonn seasúrtha a thugann scáthán ar ghasúir óga le Gaeilge agus sa Ghaeltachta. Bheadh ábhar ag léiriú daoine óga le Gaeilge ó gach cearn den tír, ach ag díriú go mórmhór ar cheantair Gaeltachta agus clúdach leathan a thabhairt do na canúintí éagsúla.

Míreanna a bhfuil samhlaíocht, spraoi, fuinneamh atá ag teastáil, atá dírithe ar ardán do dhaoine óga. Bheadh an ábhar seo ar ard chaighdeán ó thaobh stíle agus físiúlachta, agus chraolfaí é árdáin líneach agus neamhlíneach.

D'fhéadfaí ó am go chéile sraitheanna a chruthú ar théamaí ar leith. Míreanna 2'00 – 3'00 a bheadh i gceist a bheadh á gcraoladh idir chláiracha Cúla4 agus bheadh stíl éadrom, siamsúil ag baint leo.

Bheadh luach thart ar **€60,000** leis an gconradh seo agus d'fhéadfaí é a bhronnadh ar chomhlacht amháin aonarach nó ar chúpla comhlacht atá scaipithe i gceantair éagsúla. Bheadh cearta saoil treas ardán TG4 ag ábhar faoi bhranda Cúla4

Ag Teastáil

Seol isteach bunsmainte ina ndéanfar cur síos ar na réimsí seo:

- An cur chuige físe don ábhar
- An cur chuige chun teacht ar soláthar reatha scéalta nó daoine - treas Ghaeltachta / treas Phobail Gaeilge
- An príomh Fhoireann Léirithe ar an togra. (Léiritheoir/Taighdeoir/Ceamaradóir/Eagarthóir)
- An buiséad bunaithe ar €60,000 iomlán, do ábhar séasúrtha.
- Samplaí do cineál scéalta / cineál daoine a mholfá
- Léiriú ar thuiscint na comhlachta ar ábhar ar na h-árdáin soisialta.

Clár Ama

Dé hAoine, 29 Deireadh Fómhair	Spriocdháta
Mí na Samhna	Réamhléiriú
01 Feabhra	Foilsíú ar Mhíreanna

Pointí tagartha:

- Cúla4. com agus Cainéal YouTube Cúla4

Tuilleadh eolais:

Is féidir breis eolais a dhéanamh ach teagmháil a dhéanamh le TG4 via Siobhán Ní Bhrádaigh nó Colmán Mac Séalaigh

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <https://ecommm.tg4.ie>, agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'Míreanna Cúla 4', ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus caithfidh na comhlachtaí iad féin déanamh cinnte gur seachadadh na hiarratais.

Má tá aon cheist maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Anna Marie Nic Dhonnacha – anna.marie.nic.dhonnacha@tg4.ie

Má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha maire.ui.choisdealbha@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghais, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar an eolas íogair (más ann) agus a rá cén chúis gur eolas íogair é. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogair é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.